C/2025/313

13.1.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/313)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Châtillon-en-Diois’

PDO-FR-A0177-AM04

Dáta na teachtaireachta: 21.10.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Lipéadú

I Roinn XII, ‘Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú’, de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, forlíonadh pointe 2, ‘Forálacha speisialta’, chun na rialacha lipéadaithe maidir le tagairt a dhéanamh don aonad geografach níos leithne, ‘Vignobles de la Vallée du Rhône’, a chur isteach mar a leagtar amach sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí cosanta agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile agus ní mór í a phriontáil sa chló céanna agus sa dath céanna leis an ainmniúchán, ar choinníoll nach mó í ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Cuireadh an leasú sin leis an doiciméad aonair, faoin gceannteideal ‘Coinníollacha breise’.

2. Limistéar geografach

I Roinn IV, ‘Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla’, de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, forlíonadh pointe 1, ‘Limistéar geografach’, chun ainmneacha na mbardas a thabhairt cothrom le dáta agus a cheartú, gan leasú a dhéanamh ar an limistéar geografach.

Scriosadh bardais Aix-en-Diois agus Molière-Glandaz agus cuireadh bardas Solaure en Diois isteach.

Cuireadh an ceartúchán sin ar ainmneacha na mbardas isteach sa doiciméad aonair, faoin gceannteideal ‘Limistéar geografach críochaithe’.

3. Tagairt don chomhlacht cigireachta

Tugadh Roinn II, ‘Tagairt don chomhlacht cigireachta’, de Chaibidil III den tsonraíocht táirge cothrom le dáta chun a shonrú nach mór seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge a dhéanamh ar bhonn plean cigireachta formheasta agus nach mór iad a bheith déanta ag comhlacht tríú páirtí a thairgeann ráthaíochtaí maidir le hinniúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleácha arna dtarmligean ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainm (nó ainmneacha)

Châtillon-en-Diois

2. Cineál an táisc gheografaigh

ATFC - ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Châtillon-en-Diois': fíonta dearga, rosé agus geala*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cumhdaítear fíonta socra dearga, rosé agus geala leis an ainmniúchán tionscnaimh 'Châtillon-en-Diois'.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 12,5

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán uasta i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

2. *Ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Châtillon-en-Diois': fíonta geala*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Táirgtear na fíonta geala ó chineálacha Aligoté B agus Chardonnay B.

Is é 170 g/l d'úrfhíon íosmhéid siúcra na bhfíonchaor.

Is é 10,5 % neart alcóil nádúrtha na bhfíonta de réir toirte.

Tá méid siúcra choipthigh ag na fíonta geala nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide dhá ghram, suas le huasmhéid 6 g/l siúcra.

Tá na critéir anailíseacha eile i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Tá na fíonta geala a tháirgtear ó chineálacha Aligoté B agus Chardonnay B tirim agus úr, agus gabhann dea-bholaithe ginearálta bláthanna bána agus torthaí citris leo.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán uasta i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

3. *Ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Châtillon-en-Diois': fíonta dearga agus rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Táirgtear na fíonta dearga agus rosé ón gcineál Gamay (príomhchineál), agus fónann Pinot Noir agus Syrah mar chineálacha tánaisteacha. Déantar na fíonta trí fhíonchaora nó fíon a chumasc ina bhfuil 60 % ar a laghad den phríomhchineál.

Is é 170 g/l d'úrfhíon íosmhéid siúcra na bhfíonchaor le haghaidh na bhfíonta rosé agus 171 g/l le haghaidh na bhfíonta dearga.

Is é 10,5 % neart alcóil nádúrtha na bhfíonta de réir toirte.

Ag céim an phacáistithe, tá cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0.4 g/l ag na fíonta dearga agus tá méid siúcra choipthigh acu nach mó ná 3 g/l. Tá méid siúcra choipthigh ag na fíonta rosé nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide dhá cheann, suas le huasmhéid 6 g/l siúcra. Tá na critéir anailíseacha eile i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Tá carachtar ar leith ag na fíonta dearga a tháirgtear go príomha ón gcineál Gamay. Cé go mbíonn siad an-torthaíoch i gcónaí, féadfar bolaithe eile atá bunaithe níos mó ar phlandaí (e.g. garrigue) a chur in iúl. Forlíontar gnáthchruinne na bhfíonta le struchtúr níos tainniní agus le mianracht sa bhéal a tháirgtear trí chineál Gamay N a chumasc le cineálacha eile (Pinot Noir N, agus Syrah N uaireanta freisin).

Bíonn dath bándearg an bhradáin ar na fíonta rosé go ginearálta, bíonn dea-bholaithe de thorthaí dearga orthu agus úire an-sainiúil acu sa bhéal.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán uasta i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Toirmisctear an gualach fíonóireachta a úsáid agus fíonta rosé á ndéanamh, bíodh sé leis féin nó measctha in ullmhúcháin.

De bhreis ar an bhforáil thuas, ní mór freisin go gcomhlíonfaidh gach cleachtas fíonóireachta na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

Modh saothraithe

Ní ceadmhach an t-achar atá ar fáil do gach planda a bheith níos mó ná 2,20 m^2. Ríomhtar an t-achar sin tríd an bhfad idir sraitheanna a iolrú faoin bhfad idir plandaí.

Ní ceadmhach an fad idir na sraitheanna a bheith níos mó ná 2,50 méadar.

Ní mór an fad idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 0,80 m ar a laghad agus gan bheith níos mó ná 1,5 m.

Déantar na fíniúnacha a threorú de réir threorú Guyot nó déantar sporphrúnáil orthu (treorú cordon de Royat), agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda ann.

Féadfar uisciú a údarú.

5.2. *Uastáirgeacht*

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buaintear na fíonchaora agus déantar agus forbraítear na fíonta sna bardais seo a leanas i roinn Drôme: Barnave, Châtillon-en-Diois, Laval-d'Aix, Luc-en-Diois, Menglon, Montlaur-en-Diois, Montmaur-en-Diois, Poyols, Recoubeau-Jansac, Saint-Roman, Solaure en Diois.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Aligoté B

Chardonnay B

Gamay N

Pinot Noir N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc):**

Tá an limistéar geografach suite ar thaobhanna cnoic Pháirc Nádúrtha Réigiúnach Vercors, idir bunchnoic Alpacha an Drôme agus Provence. Tá sé suite soir ó dheas ó Die, sa chuid thuaidh den chrios fo-Alpach theas ar a dtugtar 'Haut-Diois', ag cumar an Bez agus an Drôme. Tá an limistéar teorannaithe, ar an taobh ó thuaidh, le Montagne du Glandasse (aillte Vercors), agus is iad 'le Claps' (maidhm ollmhór aolchloiche) agus Luc-en-Diois atá ann mar theorainn theas.

Tá críoch 12 bhardas sa limistéar geografach. Laistigh den limistéar geografach sin, ní áitíonn na fíonghoirt sléibhe ach 36 ha agus tá siad suite ar thaobhanna cnoic cré-aolchloiche ag airde idir 500 m agus 650 m de ghnáth. Cosnaíonn aillte Vercors iad ar an ngaoth aduaidh.

Tá an aeráid mheasartha leath-Mheánmhara nasctha go díreach leis an airde sin agus le gaireacht Mhasaíf Vercors.

Tá na fíonghoirt is suaithinsí agus is suntasaí ina n déantar táirgeadh le fáil i mbardas Châtillon-en-Diois, atá neadaithe in aghaidh Mhasaíf Glandasse (airde 2 000 m) agus a fhéachann amach ar ghleann Bez, ar craobh-abhainn mhearshreafa de chuid Drôme í. Tá nochtadh den scoth ó dheas ag taobh an chnoic, agus meánairde 550 m ann. Tugann sé sin méisea-aeráid ar leith do na fíonghoirt atá an-oiriúnach don fhíonsaothrú, rud a fhágann go bhfuil cáil den scoth acu.

Leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Châtillon-en-Diois', cumhdaítear fíonta dearga agus geala mar aon le fíonta rosé, ach ní a oiread céanna. Mar gheall ar na cineálacha a shaothraítear, tá na fíonghoirt cosúil leo siúd sa tuaisceart, i.e., fíonghoirt na Burgúine, arb é bunáit na gcineálacha Gamay N, Pinot Noir N, Aligoté B agus Chardonnay B, agus fíonghoirt de chuid an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe 'Côtes du Rhône septentrionales' [Côtes du Rhône thuaidh], mar aon leis an gcineál Syrah N a shaothraítear ó am go chéile in Diois.

Roghnaíodh na cineálacha sin mar gheall ar a gcomhoiriúnacht leis na hithreacha dea-dhraenála marla agus aolchloiche a fhaightear ar na *serres* (ar téarma é sin a úsáidtear go háitiúil chun na foirmeacha talún agus na fánaí a chur in iúl) agus ar na taobhanna cnoic dea-nochta. Tá fíniúnacha á bplandáil ag saothróirí fíniúna timpeall Luc-en-Diois, i ngleann Bez, mar atá i ngach cuid de ghleann Drôme, ó bhí aimsir na Rómhánach ann.

Sna gleannta sin, ba ghá na dáileachtaí ab fhearr a aimsiú ar na *serres* nó ar na léibhinn, uaireanta ag airdí suas le 650 m, mar atá fíor i mbardas Laval-d'Aix.

Ón bpríomhbhóthar ceangail a ritheann go domhain faoi bhun na bhfíonghort, is cosúil gur ar éigean atá na fíniúnacha le feiceáil sa tírdhreach. Níos airde, tá na fíonghoirt sléibhe ann, agus iad breac le cábáin agus seideanna saothróirí fíniúna, ar fianaise í sin ar ghníomhaíocht fíonsaothrúcháin, agus iad an-líonmhar in áiteanna, e.g. Châtillon-en-Diois, áit ina bhfuil líon nach lú ná ochtó díobh ann.

Roghnaítear dáileachtaí go cúramach ar bhonn a gcáilíochtaí nádúrtha agus ar bhonn nósanna áitiúla, rud a chiallaíonn gur féidir fíonchaora a bhuaint chun fíonta geala a tháirgeadh i ngach bardas sa limistéar geografach, agus i gcás fíonta dearga, tá an bhuaint teoranta do bhardais Châtillon-en-Diois agus Menglon. Tugadh aitheantas do na fíonta sin faoin ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Châtillon-en-Diois' le Foraithne an 3 Márta 1975.

Mar thoradh air sin, tháinig fás ar fhíonsaothrú go tapa agus cruthaíodh pobal áitiúil a bhí dírithe ar an táirge.

Tugann méisea-aeráid sléibhe na dtaobhanna cnoic dea-bholaithe torthaíocha sna fíonta, a ghabhann le húire shaintréitheach na bhfíonta rosé agus geala agus le maothlachas na bhfíonta dearga.

Cé go bhfuil fianaise ann go bhfuil fíniúnacha agus fíon ag dul siar go dtí an Ghaill Rómhánach, bhí cáil an fhíona teoranta ar dtús do na sléibhte in aice láimhe mar gheall ar dhrochnaisc iompair.

Tar éis dhul in éag thionscail na súdaireachta agus na dteicstílí ag tús an 20ú haois, bhí ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Châtillon-en-Diois', amhail gach fíon ó Diois a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh cláraithe aige, ina bhunchloch eacnamaíoch de chuid an ghleanna.

Ó bhí 1960 ann, tá féile fíona á heagrú gach bliain in Châtillon-en-Diois chun na fíonta a chur chun cinn. In 1995, tugadh 'Festival Arts et Vigne' [Féile Ealaíon agus Fíniúna] uirthi, rud ba chúis le scaipeadh cháil an limistéir fíonsaothrúcháin ar bhonn níos forleithne.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

a) Marcáiltear na téarmaí roghnacha uile ar na lipéid i litreacha nach ceadmhach a bheith níos mó, ar airde nó ar leithead, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe.

b) Fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe acu, féadfaidh siad ainm aonaid gheografaigh níos lú a thaispeáint ar a lipéid, ar choinníoll:

— gur suíomh cláraithe é;

— go bhfuil sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Ní mór ainm an tsuímh chláraithe a bheith le feiceáil díreach i ndiaidh an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe, agus ní mór é a bheith priontáilte i litreoireacht nach mó, ar airde ná ar leithead, ná leath de mhéid na litreacha lena bhfoirmítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe.

c) Féadfar an t-aonad geografach níos leithne 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a shonrú ar lipéid fíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí cosanta agus bainistíochta lena mbaineann.

Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile agus ní mór í a phriontáil sa chló céanna agus sa dath céanna leis an ainmniúchán, ar choinníoll nach mó í ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is éard atá sa limistéar atá díreach in aice láimhe, agus é sainithe de mhaolú maidir le táirgeadh agus forbairt na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas i roinn Drôme: Aubenasson, Aurel, Barsac, Chamaloc, Chastel-Arnaud, La Chaudière, Die, Espenel, Eygluy-Escoulin, Marignac-en-Diois, Ponet-Saint-Auban, Pontaix, Rimon-et-Savel, Romeyer, Saillans, Saint-Andéol, Saint-Benoit-en-Diois, Sainte-Croix, Saint-Julien-en-Quint, Saint-Sauveur-en-Diois, Vachères-en-Quint, Vercheny, Véronne.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-a92477d7-4838-4aa9-a88a-b571322adec6